NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Treoirlínte chun tacú le CMB an Taibhithe Ceoil

Ceol na hArdteistiméireachta

Samhain 2026

Clár an Ábhair

RÉAMHRÁ....4

MEASÚNÚ DON TEISTIÚCHÁN I GCEOL NA HARDTEISTIMÉIREACHTA....5

FORBHREATHNÚ AR CMB AN TAIBHITHE CEOIL....6

PRÓISEAS CHUN AN TAIBHIÚ CEOIL A CHUR I GCRÍCH....8

Píosaí a roghnaíodh gan srian....8

Píosa ceoil/amhrán úrnua....11

Tástálacha Neamhullmhaithe:....16

Tuairisceoirí Cáilíochta....18

RÓL AN MHÚINTEORA....19

AGUISÍN A: LEIDEANNA MOLTA CHUN TACÚ LEIS NA SCOLÁIRÍ A SMAOINTE CEOIL ÚRNUA A FHIOSRÚ, A FHORBAIRT AGUS A CHUR IN IÚL:....21

Réamhrá

Leis an doiciméad seo, *Treoirlínte maidir leis an Taibhiú Ceoil* soláthraítear:

- mionsonraí ar chineál agus raon an Taibhithe Ceoil mar a thugtar breac-chuntas air sa tsonraíocht churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta
- treoir do scoileanna, múinteoirí agus scoláirí maidir le tabhairt faoin Taibhiú Ceoil agus maidir lena chur i gcrích
- faisnéis maidir leis an ról atá ag scoileanna agus múinteoirí chun tacú le scoláirí leis an Taibhiú Ceoil
- tuairisceoirí cáilíochta don Taibhiú Ceoil.

I dtéarma a dó de bhliain a haon, foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir ar bhonn bliantúil don ghné a bhaineann leis an bpíosa ceoil/leis an amhrán úrnua de CMB an Taibhithe Ceoil.

Ba cheart na treoirlínte sin a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh Cheol na hArdteistiméireachta, ar féidir rochtain a fháil uirthi ag https://curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/music/

Measúnú don Teistiúchán i gCeol na hArdteistiméireachta

Tá measúnú don teistiúchán bunaithe ar réasúnaíocht, aidhmeanna agus torthaí foghlama shonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis (CMB) lena gcuimsítear Taibhiú Ceoil.

Beidh an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Beidh an Taibhiú Ceoil bunaithe ar threoir choitianta ar a ndéantar measúnú ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Tábla 1:

Comhpháirt mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
CMB an Taibhithe Ceoil	50%	Treoir Choitianta. Arna measúnú ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal.
Scrúdú scríofa	50%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal.

Forbhreathnú ar CMB an Taibhithe Ceoil

Leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) i gCeol na hArdteistiméireachta freagraítear go díreach do réasúnaíocht agus aidhmeanna an ábhair, arb éard atá iontu inniúlachtaí a fhorbairt i scoláirí ionas gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach mar cheoltóir. Éascaíonn dearadh an CMB scoláirí chun réimse leathan foghlama a thaispeáint de réir mar a leagtar amach sna torthaí foghlama ó Shnáithe 1, Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl agus Snáithe 2, Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair, agus chun beocht a chur san fhoghlaim sin trína dtaibhiú.

Tá CMB an Taibhithe Ceoil beartaithe le bheith comhtháite i dteagasc agus foghlaim rialta an tseomra ranga. Tá sé deartha le bheith spreagthach agus taitneamhach do scoláirí agus deiseanna a thabhairt dóibh chun réimsí agus stíleanna ceoil a bhfuil spéis acu iontu a fhiosrú.

Le CMB an Taibhithe Ceoil, éilítear ar na scoláirí uile clár a thaibhiú beo ar uirlis/lena nguth mar a leanas:

- píosaí ceoil/amhráin a roghnaíodh gan srian agus
- píosa ceoil/amhrán úrnua, plé machnamhach agus
- tástáil neamhullmhaithe.

Cuirtear tús le forbairt na scileanna a éilítear le haghaidh an Taibhithe Ceoil go luath i mbliain a haon, trí bheith ag plé go leanúnach leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht. Tríd an rannpháirtíocht sin, forbraíonn scoláirí tuiscint ar conas atá a ngníomhaíochtaí ranga beartaithe chun an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ceoil, a bheidh mar thaca ag an CMB seo, a chothú.

Roimh thús a chur le hullmhú don CMB, ba cheart do na scoláirí agus do na múinteoirí cur amach a fháil ar na Tuairisceoirí Cáilíochta don CMB a bhaineann leis an Taibhiú Ceoil ar leathanach 18 den cháipéis seo. Baineann na Tuairisceoirí Cáilíochta sin leis an bhfoghlaim a rinne scoláirí i seomra ranga an cheoil in CMB an Taibhithe Ceoil. Go sonrach, éilíonn an CMB ar scoláirí:

- rialú agus cruinneas tuinairde agus rithim a thaispeáint le linn an taibhithe,
- píosaí ceoil/amhráin a chur in iúl do lucht éisteachta le léiriú ceoil, líofacht agus tuiscint léirmhínithe ar an stíl roghnaithe agus
- na cinntí cruthaitheacha a rinneadh siad a chosaint.

Cuirfear an Taibhiú Ceoil i gcrích i dtéarma a dó/a trí den séú bliain.

Cuirfidh scoláirí a CMB i gcrích ina scoil féin, agus déanfaidh scrúdaitheoir a bheidh ceaptha ag CSS measúnú air sin.

Tábla 2: Ceanglais Taibhithe ceoil do scoláirí a dhéanann gnáthleibhéal agus ardleibhéal

Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
Dhá phíosa ceoil/amhrán a roghnaíodh gan srian a thaibhiú beo ar uirlis/lena nguth **agus**	**Ceithre** phíosa ceoil/amhrán a roghnaíodh gan srian a thaibhiú beo ar uirlis/lena nguth **agus**
Píosa ceoil/amhrán úrnua **amháin** a thaibhiú beo ar uirlis/lena nguth agus plé machnamhach **agus**	Píosa ceoil/amhrán úrnua **amháin** a thaibhiú beo ar uirlis/lena nguth, plé machnamhach **agus**
Tástáil neamhullmhaithe.	Tástáil neamhullmhaithe.
Fad Iomlán: 15 Nóiméad	**Fad Iomlán: 25 Nóiméad**

Ní cheadófar do na scoláirí an t-am a thugtar a shárú. Ní mór an Taibhiú Ceoil ar fad a chur i láthair mar aonad taibhithe in aon iarraidh amháin.

Treoir an Taibhithe Ceoil

Beidh *Treoir Taibhithe Ceoil*, rud a fhoilseoidh CSS go bliantúil, mar bhonn eolais faoi ghné an CMB a bhaineann leis an bpíosa ceoil/leis an amhrán úrnua. Eiseofar an treoir i dtéarma a dó de bhliain a haon.

Déanfar an méid seo a leanas le Treoir CMB an Taibhithe Ceoil:

- leagfar amach na ceanglais shonracha do na scoláirí uile don ghné den CMB a bhaineann leis an bpíosa ceoil/leis an amhrán úrnua
- soláthrófar réimse d'ábhar spreagthaigh don phíosa ceoil/don amhrán úrnua
- tacófar leis na scoláirí cuimhneamh ar na réimsí a bhaineann leis an ábhar spreagthaigh a bhféadfadh sé go mbeadh fonn orthu iad a fhiosrú
- tacófar leis na múinteoirí agus leis na scoláirí, agus déanfar éascaíocht dóibh, pleanáil agus ullmhú a dhéanamh don CMB a chur i gcrích.

Próiseas chun an Taibhiú Ceoil a chur i gcrích

Sa rannán seo, soláthraítear forbhreathnú ar an bpróiseas chun an CMB a chur i gcrích, arb éard atá ann:

- Píosaí a roghnaíodh gan srian
- Píosa ceoil/amhrán úrnua agus plé machnamhach
- Tástáil neamhullmhaithe.

Píosaí a roghnaíodh gan srian

Tá an tsaoirse ag na scoláirí uile píosa(í) ceoil/amhrá(i)n a roghnú ó aon stíl nó traidisiún ceoil don chuid seo den CMB. Ba cheart do na scoláirí a chinntiú go mbeidh na píosaí/na hamhráin a roghnaítear ina dtaca lena gcuid eispéireas, spéiseanna agus cumas ceoil agus ina léiriú ar an méid is féidir a bhaint amach trí bheith ag plé leis na torthaí foghlama.

Is féidir taibhiú aonréadach agus grúpa a mheascadh gan srian. Is féidir leis na scoláirí a roghnú cé acu a dhéanfaidh siad a gcuid píosaí/amhrán a thaibhiú astu féin, nó mar bhall de ghrúpa, nó meascán den dá rud. Scoláire amháin ar a mhéad a cheadaítear chun cuid a thaibhiú, ar cuid í sin is féidir a scrúdú ar uirlis/lena nguth. Beirt scoláirí ar a mhéad a cheadaítear in aghaidh na coda nach féidir a scrúdú. I gcás ina roghnaíonn scoláire a gcuid píosaí a thaibhiú mar bhall de ghrúpa, déanfar iad a scrúdú agus a mheasúnú de réir an mhéid a chuireann siad féin leis an taibhiú.

Ní mór éisteacht a thabhairt do chlár iomlán gach scoláire ar leithligh.

Le linn dóibh a bheith ag taibhiú le tionlacan beo nó le fuaimrian taca/taifeadadh, ní mór ionchur an scoláire a bheith le cloisteáil go soiléir. Ní mór na gnéithe uile de thaibhiú a bheith inchloiste ag an scrúdaitheoir.

Le linn dóibh a bheith ag canadh lena dtionlacan féin, féadfaidh an scoláire a roghnú cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar iad a mheasúnú ar an méid seo a leanas:

- an amhránaíocht amháin
- an tionlacan amháin
- meascán den dá rud.

Píosaí ceoil/amhráin a roghnú:

Agus píosaí ceoil/amhráin á roghnú ba cheart do na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cuimhneamh ar réimse de cheol féideartha agus ar cheol lenar pléadh mar chuid dá n-eispéiris foghlama ranga
- ceol a roghnú lena léirítear a gcuid spéiseanna, láidreachtaí agus cumas ceoil ar an mbealach is fearr, agus lena soláthraítear leibhéal cuí dúshláin san am céanna

- cuimhneamh ar na deiseanna a sholáthrófar don scoláire le gach píosa/amhrán chun a scileanna taibhithe a léiriú
- liosta a chur le chéile de cheol a thaibhigh siad le linn an staidéir dhá bhliain a rinne siad
- a roghnúchán a bheachtú agus athchuairt a thabhairt air faoi mar a thagann forbairt ar a muinín, ar a n-inniúlacht theicniúil agus ar a dtuiscint cheoil.

Píosaí ceoil/amhráin a chleachtadh don CMB:

Éilítear cleachtadh agus beachtú don phróiseas a bhaineann le píosaí ceoil/amhráin a ullmhú don taibhiú. Ar na teicnící cleachtaidh molta nach mór do na scoláirí cuimhneamh orthu tá:

- nósanna cleachtaidh seasmhacha a fhorbairt chun feabhas a chur ar mhuinín agus cruinneas ceoil
- ullmhú do chleachtadh trí ghníomhaíochtaí téimh suas cuí, amhail a bheith ag canadh nó ag seinm scálaí, airpéitsí, cordaí nó cleachtaí rithimeacha roimh chleachtadh a dhéanamh ar phíosaí/amhráin
- díriú ar ghnéithe nó míreanna sonracha de cheol nó cuid shonrach den cheol/den amhrán a éilítear feabhas a chur uirthi a shainaithint
- cleachtadh a dhéanamh go rialta le fuaimrian taca nó tionlacaí beo, i gcás inar cuí. Agus úsáid á baint as tionlacaí beo, d'fhéadfadh sé go gcuimhneodh na scoláirí ar thaifeadadh den tionlacan a iarraidh chun tacú le cleachtadh agus ullmhú neamhspleách
- cuimhneamh ar léirmhíniú na stíle ceoil agus tuiscint ar an stíl cheoil i ngach píosa/amhrán a léiriú
- aiseolas a lorg go rialta. Roinnt taibhithe a thaifeadadh agus iad a athbhreithniú agus a chomhroinnt lena múinteoir ceoil chun láidreachtaí agus réimsí le haghaidh feabhsú a shainaithint
- machnamh a dhéanamh ar aiseolas ó mhúinteoirí nó comhscoláirí nó féinmhachnamh a dhéanamh le linn a bheith ag cleachtadh agus ag taibhiú
- míreanna dúshlánacha de phíosa(í)/amhrá(i)n a chleachtadh. Chun feabhas a chur ar an taibhiú d'fhéadfadh scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - an chuid den phíosa/den amhrán ina dtarlaíonn an dúshlán go rialta a shainaithint
    - cleachtadh a dhéanamh go mall ar an gcuid a thagann go díreach roimh an mír dhúshlánach, ar an mír dhúshlánach féin agus ar an gcuid a thagann díreach ina diaidh
    - an méid sin a dhéanamh arís, an luas a mhéadú de réir a chéile go mbainfear amach an luas agus an teicníc inmhianaithe
    - i gcás inarb ábhartha, máistreacht a fháil ar na lámha ar leithligh roimh iad a chomhcheangal, rud is féidir a bheith cabhrach ar uirlisí áirithe.

Píosaí ceoil/amhráin a thaibhiú don CMB:

Tá CMB an Taibhithe Ceoil ina chéim den phróiseas ceoil ina gcomhroinneann na scoláirí a gceol le héisteoir. Agus iad ag druidim le CMB an Taibhithe Ceoil, ba cheart do na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a chinntiú go mbeidh an gléas agus an luas is cuí, agus paraiméadair thaibhithe eile, roghnaithe acu dá gcuid píosaí/amhrán roghnaithe
- an t-ord ina ndéanfaidh siad a gcuid píosaí/amhrán a thaibhiú le linn an CMB a chinneadh. Cleachtadh a dhéanamh ar a gclár iomlán de phíosaí/d'amhráin a thaibhiú san ord sin
- am breise a chaitheamh tar éis an taibhithe ag díriú ar mhíreanna den phíosa/den amhrán a bhféadfadh sé gur ghá iad a fheabhsú fós
- taibhiú don teaghlach, do chomhscoláirí, do chairde agus dálaí taibhithe a mhacasamhlú, i gcás inar féidir
- féachaint le leanúnachas a choinneáil le linn an taibhithe. Teacht ar ais chucu féin tar éis botún gan stopadh ná atosú
- taifead a dhéanamh ar roinnt taibhithe agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus na Tuairisceoirí Cáilíochta á n-úsáid. Na píosaí/na hamhráin a athordú agus a bheachtú mar is iomchuí
- a chinntiú go mbeidh uirlisí agus an trealamh i dtiúin agus ag feidhmiú mar is ceart
- a chinntiú nach sáróidh fad iomlán an cheoil atá le taibhiú an t-am scrúdaithe a thugtar don CMB.

Píosa ceoil/amhrán úrnua

Leis an CMB, éilítear ar na scoláirí uile píosa ceoil/amhrán úrnua amháin a thaibhiú beo ar uirlis/lena nguth.

Beidh treoir mar bhonn eolais faoin bpíosa ceoil/faoin amhrán úrnua. Eiseoidh CSS Treoir an Taibhithe Ceoil le linn théarma a dó de bhliain a haon. Leis an treoir, leagfar amach na ceanglais shonracha do na scoláirí uile don ghné den CMB a bhaineann leis an bpíosa ceoil/leis an amhrán úrnua agus soláthrófar réimse d'ábhar spreagthaigh don phíosa ceoil/don amhrán úrnua. Cuirfidh na scoláirí i gcrích na ceanglais uile ar a dtugtar breac-chuntas sa treoir agus ansin roghnóidh, ullmhóidh agus taibheoidh siad an píosa/an t-amhrán úrnua sin beo. Tá an tsaoirse ag na scoláirí píosa ceoil/amhrán úrnua dá rogha féin a chruthú agus a thaibhiú mar is cuí agus iad ag freagairt do cheanglais na treorach.

Sa chuid seo den CMB, tá an deis ag na scoláirí a léiriú go bhfuil siad ag cruthú agus ag baint triail as rudaí, ag taibhiú, ag déanamh ceoil agus ag éisteacht, ag tabhairt breithmheasa agus ag freagairt ar bhealach comhtháite. Tríd an gcomhtháthú sin, cothaítear tuiscint dhomhain ar chastacht na ról lena bpléann ceoltóir.

Beidh an chuid seo den scrúdú bunaithe ar thaibhiú beo na scoláirí ar a bpíosa/a n-amhrán úrnua. Ba cheart do na scoláirí a chinntiú gurb amhlaidh, le linn dóibh a bpíosa ceoil/a n-amhrán úrnua a fhiosrú agus a fhorbairt, a chruthaíonn siad píosa/amhrán, nó cuid uirlise/gutha de phíosa/d'amhrán, atá laistigh dá gcumais taibhithe agus is féidir a thaibhiú go muiníneach beo le linn an scrúdaithe.

Ba cheart féachaint ar chruthú agus taibhiú píosa ceoil/amhráin úrnua mar phróiseas atriallach agus machnamhach seachas mar sheicheamh líneach céimeanna. Nuair a thiocfaidh an t-am chun a gceol úrnua a chruthú agus a thaibhiú don CMB, ba cheart a mholadh do na scoláirí féachaint air sin mar leanúint den fhoghlaim sa seomra ranga faoinar thug siad ón gcéad bhliain.

Is féidir leis na scoláirí a bpíosa ceoil/a n-amhrán úrnua a thaibhiú astu féin nó mar bhall de ghrúpa. Má roghnaíonn scoláire a bpíosa ceoil/a n-amhrán úrnua a thaibhiú mar bhall de ghrúpa, scoláire amháin, ar a mhéad, a thaibhíonn cuid is féidir a scrúdú ar uirlis/lena nguth. Ní mór do gach scoláire is féidir a scrúdú agus a thaibhíonn mar bhall de ghrúpa ionchur suntasach a bheith acu sa phíosa ceoil/san amhrán úrnua. Ní mór ceol atá cruthaithe acu a bheith sa chuid atá á taibhiú acu sa phíosa/san amhrán. Beirt scoláirí ar a mhéad a cheadaítear in aghaidh na coda nach féidir a scrúdú.

Níl aon cheanglas ar scoláirí nodaireacht/doiciméadú scríofa a chur ar fáil dá bpíosa/dá n-amhrán úrnua. Ceadaítear do na scoláirí úsáid a bhaint as nodaireacht, liricí nó cordaí srl. mar thacaíocht le linn a dtaibhithe más mian leo. Ní cheadaítear do na scoláirí topaicí plé samplacha ná ábhair scríofa a thabhairt isteach sa scrúdú.

Ní cheadaítear do na scoláirí a iarraidh ar dhuine/scoláire eile a bpíosa ceoil/a n-amhrán úrnua a thaibhiú thar a gceann le linn an scrúdaithe.

Sa treoir, d'fhéadfadh sé go n-éileofaí ar na scoláirí gnéithe rithimeacha agus/nó séiseacha agus/nó armónacha a chruthú. Maidir leis na gnéithe sin den phíosa/den amhrán úrnua nach bhfuil á dtaibhiú beo ag na scoláirí, is féidir le ceoltóirí eile iad a thaibhiú, nó is féidir iad a thaibhiú agus tacaíocht chuí á fáil chuige sin ón teicneolaíocht dhigiteach. Maidir leis an gcuid is féidir a scrúdú agus a thaibhíonn an scoláire,

níor cheart di a bheith inchloiste san uirlis/sa ghuth céanna sa tionlacan beo ná sa teicneolaíocht dhigiteach.

Níl aon fhad uasta nó íosta i bhfeidhm don phíosa ceoil/don amhrán úrnua fad nach sáraítear an t-am foriomlán a thugtar. Beidh tionchar ag an méid seo a leanas ar fhad an phíosa ceoil/an amhráin úrnua:

- a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais ar a dtugtar breac-chuntas sa treoir,
- caighdeán taibhithe, atá cuí don leibhéal atá á dhéanamh ag an scoláire, a léiriú
- stíl nó cineál an phíosa/an amhráin atá cruthaithe ag an scoláire agus atá á thaibhiú acu.

De réir mar a ullmhaíonn scoláirí a CMB agus mar a thugann siad chun críche é, ba cheart dóibh a chinntiú nach sáróidh a gclár Taibhithe Ceoil iomlán an t-am a thugtar.

Le linn an CMB, glacfaidh gach scoláire páirt i bplé machnamhach leis an scrúdaitheoir CSS i ndáil lena bpíosa ceoil/lena n-amhrán úrnua. Is féidir teacht ar thuilleadh mionsonraí i ndáil leis an bplé machnamhach ar leathanach 14.

Smaointe ceoil a fhiosrú:

Tar éis an treoir a eisiúint, ba cheart do na scoláirí na spreagthaigh a fhiosrú, agus smaointe ceoil á samhlú agus á gcoincheapú, mar fhreagairt ar cheanglais na treorach. Ag an gcéim seo, ba cheart do na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na spreagthaigh agus na ceanglais a sholáthraítear sa treoir a iniúchadh chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint ar phríomhghnéithe a éilítear chun bheith mar chuid den phíosa/den amhrán úrnua
- fiosrú a dhéanamh ar dheiseanna cruthaitheacha agus taibhithe, agus triail a bhaint astu, rudaí a chuireann gach spreagthach ar fáil. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis sin:
    - fócas a bpíosa/a n-amhráin úrnua: fócas rithimeach, séiseach, armónach nó meascán díobh sin
    - uirlis(í)/guth(anna) dá bhféadfaidís a bpíosa/a n-amhrán a chruthú, agus iad airdeallach go n-éilítear ar na scoláirí a bpíosa/a n-amhrán úrnua a thaibhiú beo le linn an CMB
    - stíleanna ceoil agus/nó smaointe cumadóireachta ina bhfuil spéis acu agus ar mhaith leo leanúint díobh
- teacht ar ais chuig smaointe ceoil atá forbartha acu cheana mar chuid dá n-eispéiris foghlama sa seomra ranga do Cheol na hArdteistiméireachta. Tríd sin a dhéanamh, d'fhéadfadh na scoláirí smaoineamh ceoil a bhí acu roimhe sin agus atá cruthaithe acu a aimsiú, ar mhaith leo é a oiriúnú agus a fhorbairt a thuilleadh agus iad ag freagairt don treoir
- réimse tionchar a fhiosrú ar féidir iad a bheith mar bhonn faoina bpíosa/faoina n-amhrán úrnua agus mar spreagadh leis, amhail ceol dualgais agus/nó neamhdhualgais, saothar ceoltóirí, cumadóirí nó cóiritheoirí aitheanta

Ag an bpointe seo, spreagfaidh rannpháirtíocht aonair gach scoláire flúirse smaointe chun a bpíosa/a n-amhrán a chruthú ina dhiaidh sin. Is é an spreagthach ba cheart a bheith roghnaithe ag na scoláirí an ceann ina gcuireann siad an spéis is mó, an ceann is mó a spreagann iad agus an ceann a théann i gcion ar a gcuid spéiseanna, buanna agus cumas ceoil ar an mbealach is fearr.

Cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag saothar ceoltóirí agus/nó cumadóirí eile ar na scoláirí, saothar dá gcuid féin nach mór a bheith i gceist leis an saothar a chruthaíonn agus a thaibhíonn siad. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar cuireadh bonn eolais faoina smaointe ceoil, agus ar imríodh tionchar orthu, i gcás inarb infheidhme, trí shaothar ceoltóirí agus/nó cumadóirí eile.

Smaointe Ceoil a Fhorbairt:

Go luath i mbliain a haon, cuirfear tús le forbairt na scileanna a éilítear chun píosa ceoil/amhrán úrnua a chruthú agus a thaibhiú, trí bheith ag plé leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht. Leis na torthaí foghlama, soláthraítear deiseanna iomadúla agus éagsúla do na scoláirí chun ceol úrnua agus smaointe ceoil a chruthú agus a thaibhiú ar feadh an dá bhliain staidéir.

De réir mar a chruthaíonn agus mar a fhorbraíonn scoláirí a gcuid saothair, tagann siad ar an tuiscint go bhforbróidh a bpíosa/a n-amhrán úrnua le himeacht aimsire. D'fhéadfadh sé, mar shampla, imeacht ar bhealach éigin óna smaointe úrnua, nó d'fhéadfadh athruithe teacht chun cinn ar feadh an phróisis forbartha. D'fhéadfadh na scoláirí teacht ar an tuiscint go raibh a bpíosa/a n-amhrán úrnua ró-uaillmhianach, nó róshimplí; d'fhéadfadh athruithe teacht as ceisteanna praiticiúla, nó d'fhéadfadh gá a bheith le réiteach fadhbanna agus leasuithe ar an méid a beartaíodh ar dtús de dheasca céimeanna ar gcúl gan choinne. D'fhéadfadh na scoláirí mothúcháin athraitheacha a bhrath faoina spreagthach roghnaithe. Agus iad ag obair mar cheoltóir, léiríonn na scoláirí foighne, buanseasmhacht agus féinsmacht tríd an spreagthach a choinneáil agus a fhorbairt, seachas é a chaitheamh in aer nuair a thagann smaointe, céimeanna ar gcúl nó dúshláin mhalartacha chun cinn.

De réir mar a fhorbraíonn na scoláirí a bpíosa ceoil/a n-amhrán úrnua, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cuimhneamh ar conas a fhreagróidh siad do cheanglais na treorach agus cuimhneach ar an stíl, ar an ngiúmar agus ar an teachtaireacht is mian leo a chur in iúl
- a chinneadh cé acu a dhéanfaidh siad a bpíosa/a n-amhrán a thaibhiú astu féin, nó mar bhall de ghrúpa, nó leis an tacaíocht chuí ó theicneolaíocht dhigiteach/ó thionlacan
- breac-chuntas a thabhairt ar an sprioc chruthaitheach is mian leo a bhaint amach. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí a áireamh cur síos a dhéanamh ar ról nó cuspóir an cheoil a chruthaíonn siad
- gnéithe ceoil a oiriúnú, a chomhcheangal agus a ionramháil lena n-áirítear buille, fad, luas, tuinairde, dinimic, tondath, téagar, struchtúr, stíl, tonúlacht agus ionstraimiú chun a gceol a chruthú, a chur le chéile agus a fhorbairt. D'fhéadfaidís cuimhneamh ar smaointe ceoil atá ann cheana a chomhcheangal chun a smaointe ceoil a fheabhsú
- úsáid a bhaint as uirlis(í), amhránaíocht nó guthú, teicneolaíocht dhigiteach nó meascán díobh sin chun a gcuid smaointe a chur i gcrích, a mheas, chun tacú leo agus chun iad a bheachtú
- éisteacht de shíor lena bpíosa/lena n-amhrán úrnua agus é a mheas, machnamh a dhéanamh air, é a bheachtú, a mhodhnú agus athruithe a dhéanamh air de shíor de réir mar a fhorbraíonn sé agus mar a thagann sé i gcruth
- taifead a choinneáil de na cinntí cumadóireachta cruthaitheacha a dhéanann siad.

Smaointe Ceoil a Chur in Iúl:

Cuirtear buaic shaothar an scoláire i gcrích sa CMB ina ndéanann siad a gceol úrnua a thaibhiú agus a chur in iúl beo leis an scrúdaitheoir. Is céim thábhachtach é sin sa phróiseas ceoil, rud a sholáthraíonn an deis do scoláirí an ceol atá cruthaithe acu a chur i gcrích.

Agus iad ag ullmhú don chuid seo den CMB, roghnóidh na scoláirí an píosa ceoil/an t-amhrán a thaibheoidh siad don scrúdú.

Ba cheart do na scoláirí an píosa úrnua/an t-amhrán a chleachtadh, a léiriú agus a bheachtú agus úsáid á baint as réimse scileanna taibhithe a bpléitear leo sa tsonraíocht seo.

Ba cheart do na scoláirí deiseanna a aimsiú chun a bpíosa/a n-amhrán úrnua a thaibhiú do lucht féachana (comhscoláirí, an teaghlach srl.) agus ullmhú á dhéanamh don CMB.

Chun treoir bhreise a fháil i ndáil le píosaí ceoil/amhráin a chleachtadh agus a thaibhiú, féach leathanaigh 9-10 den cháipéis seo.

Plé Machnamhach

Glacfaidh gach scoláire páirt i bplé machnamhach leis an scrúdaitheoir CSS i ndáil lena bpíosa ceoil/lena n-amhrán úrnua. Féadfaidh na scoláirí a roghnú cé acu a bheidh nó nach mbeidh an plé sin acu roimh a bpíosa ceoil/a n-amhrán úrnua a thaibhiú nó ina dhiaidh sin.

Mar chuid den phlé sin, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire an méid seo a leanas a dhéanamh:

- léargais ar a bpróiseas cruthaitheach a léiriú agus úsáid á baint as uirlis/a nguth (i gcás inar cuí).
- breac-chuntas a thabhairt ar na cinntí ceoil lenar múnlaíodh a bpíosa/a n-amhrán úrnua.
- cosaint a thabhairt ar na cinntí cumadóireachta cruthaitheacha a dhéanann siad, ar úrnuacht agus úire a gcuid smaointe, ar na dúshláin agus na roghanna léirmhínithe a dhéanann siad agus úsáid á baint as teanga cheoil chuí.

Chun ullmhú don phlé machnamhach, ba cheart do na scoláirí machnamh a dhéanamh ar an saothar a chruthaíonn agus a thaibhíonn siad, agus tús á chur leis an bpróiseas sin go luath i mbliain a haon. Le machnamh leanúnach, tacófar leis na scoláirí tionchar cinntí cruthaitheacha a dhéantar le linn an phróisis forbartha a aithint agus a thuiscint. Cuideoidh sin leis na scoláirí freagraí sothuigthe agus eolasacha a thabhairt dá gcuid ceoil agus úsáid á baint as teanga cheoil chuí. Ba cheart do na scoláirí cleachtadh a dhéanamh ar a n-uirlis/ar a nguth a úsáid chun cinntí cruthaitheacha a léiriú agus a chosaint mar ullmhúchán don phlé machnamhach.

Sna cásanna uile, cuirfidh na scoláirí a bplé machnamhach i gcrích leis an scrúdaitheoir astu féin.

Tá sé thar a bheith tábhachtach gur saothar dá gcuid féin atá i gceist leis an bpíosa ceoil/leis an amhrán úrnua a thaibhíonn na scoláirí lena scrúdú. Má thaibhíonn aon scoláire saothar nár chruthaigh an scoláire sin go hiomlán, is sárú suntasach é sin ar na rialacháin agus d'fhéadfadh sé go bhforchuirfí pionóis dá dheasca sin, suas le, agus lena n-áirítear, torthaí gaolmhara a choinneáil siar.

Tá próiseas fíordheimhnithe láidir lárnach chun sláine aon phróisis measúnaithe a chinntiú. Tá fíordheimhniú scoilbhunaithe múinteoirí ar shaothar scoláirí ar a CMB sa Taibhiú Ceoil riachtanach chun

measúnú cothrom agus cóir a dhéanamh ar an saothar sin. Cé nach bhfuil sé indéanta ná riachtanach do na múinteoirí gach gné d'obair na scoláirí a fheiceáil, ní mór do na múinteoirí a bheith sásta go bhfuil an obair déanta ag na scoláirí féin. Trí theagmháil rialta, chuimsitheach le saothar gach scoláire ar a CMB sa Taibhiú Cheoil, beidh na múinteoirí in ann aon saothar atá á chur i láthair lena mheasúnú a fhíordheimhniú go muiníneach agus go dlisteanach.

Soláthraíonn CSS treoir mhionsonraithe maidir le fíordheimhniú measúnuithe agus na coinníollacha maidir le glacadh leo. Déanfar faisnéis a sholáthar sa treoir maidir leis an dóigh a bhfuil feidhm aige sin i gcás CMB an Taibhithe Ceoil, agus i ndoiciméadú eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint freisin.

Tástálacha Neamhullmhaithe:

Leis an tsonraíocht éilítear ar scoláirí a bheith in ann ceol nach bhfuil cur amach acu air a thaibhiú ar a fheiceáil trí chluasbhraistint. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas scoláirí míreanna rithimeacha, séiseacha agus armónacha agus patrúin chorda nach bhfuil cur amach acu orthu a thaibhiú.

Is féidir le tástálacha neamhullmhaithe a bheith in amchomharthaí simplí agus comhshuite, i mór-ghléaschomharthaí agus mion-ghléaschomharthaí, agus áirítear teicnící léiritheacha agus taibhithe iontu, i gcás inar cuí.

Sa scrúdú, roghnóidh na scoláirí ceann amháin díobh seo a leanas a thaibhiú:

- cluaschuimhne (rithimeach nó shéiseach) nó
- amharcléamh (rithimeach nó gutha nó uirlise) nó
- tobchumadh.

Tástáil Neamhullmhaithe a Chleachtadh:

Le linn cleachtadh a dhéanamh ar thástálacha neamhullmhaithe d'fhéadfadh na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cleachtadh a dhéanamh ar thaibhiú le méadranóm. Tosú ar luas mall agus cloí leis an luas a éilítear. Is féidir leis sin a bheith éifeachtach go háirithe le haghaidh amharcléamh rithimeach. Is féidir leis na scoláirí féachaint leis an mbuille/leis an bpulsa a choimeád go hinmheánach
- míreanna deacra den tástáil a shainaithint agus na míreanna sin a thriail ar dtús
- a dtástálacha neamhullmhaithe féin a chruthú lena dtugtar a ndúshlán dóibh agus lena n-aistrítear amach as a gcrios compoird iad
- comhsheasmhacht a fhorbairt le linn tástálacha neamhullmhaithe a thaibhiú, agus an buille á choimeád agus stopadh agus atosú á seachaint.

Ba cheart do na scoláirí comhairle a múinteora ceoil a lorg agus an tástáil neamhullmhaithe is fearr a oireann dóibh sa CMB á sainaithint.

Ní cheadaítear do na scoláirí ainmneacha rithimeacha ná sólfá na nótaí a rá ná a chanadh ná an buille a chur in iúl ó bhéal le linn an tástáil neamhullmhaithe a thaibhiú lena scrúdú.

Tástálacha cluaschuimhne:

Beidh tástálacha cluaschuimhne ocht mbarra ar fad. Seinnfear iad trí huaire. Freagraíonn an scoláire tar éis an dara agus an tríú seinm. Bronntar marcanna as an iarracht is fearr. Ní bheidh gíog rabhaidh le cloisteáil ach amháin roimh an gcéad seinm.

I gcás Séis Chluaschuimhne, beidh rogha ardréime, meánréime agus ísealréime ag gach tástáil. Seinnfear an gléasnóta agus an corda tonach roimh an gcéad agus an tríú seinm, agus sin amháin.

Tástálacha amharcléimh:

Beidh tástálacha amharcléimh ocht mbarra ar fad. Is cineálach atá tástálacha amharcléimh séiseacha cléithe aonair agus ní bhainfidh siad go sonrach le huirlis. Beidh rogha ardréime, meánréime agus ísealréime ag baint le gach tástáil den chineál seo.

Tabharfar am cuí do na scoláirí a roghnaíonn amharcléamh súil a chaitheamh ar an tástáil. Le linn an ama sin, is féidir leis an scoláire triail a bhaint as míreanna nó codanna den tástáil agus úsáid á baint as a n-uirlis/as a nguth. Cuirfidh an scrúdaitheoir in iúl cathain ba cheart don scoláire triail a bhaint as an tástáil ina hiomláine. Ní ceadmhach triail a bhaint as an tástáil san iomlán ach uair amháin.

Féadfar tástálacha amharcléimh rithimeacha a bhualadh leis na bosa, a thapáil nó a sheinm ar chnaguirlis nach bhfuil i dtiúin.

Tástálacha tobchumtha:

Maidir leis na scoláirí a roghnaíonn tobchumadh, féadfaidh siad a roghnú cibé acu a dhéanfaidh siad tobchumadh ar mhír rithimeach nó shéiseach nó armónach ar leith. Ní mór tagairt don spreagthach a sholáthraíonn an scrúdaitheoir a bheith follasach agus soiléir sa tobchumadh.

Éileofar ar scoláirí a dhéanann gnáthleibhéal tobchumadh a dhéanamh ar feadh ocht mbarra ar a laghad. Éileofar ar scoláirí a dhéanann ardleibhéal tobchumadh a dhéanamh ar feadh sé bharra dhéag ar a laghad.

Tuairisceoirí Cáilíochta

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann na scoláirí amach i seomra ranga an cheoil in CMB an Taibhithe Ceoil. Go sonrach, éilíonn an CMB ar scoláirí:

- rialú agus cruinneas tuinairde agus rithim a thaispeáint le linn an taibhithe,
- píosaí ceoil/amhráin a chur in iúl do lucht éisteachta le léiriú ceoil, líofacht agus tuiscint léirmhínithe ar an stíl roghnaithe agus
- na cinntí cruthaitheacha a rinneadh siad a chosaint.

Tábla 3: Tuairisceoirí cáilíochta don Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis so Cheol

	Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála	Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála	Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála
rialú agus cruinneas tuinairde agus rithim a léiriú le linn an taibhithe	Léiríonn an scoláire rialú agus cruinneas tuinairde agus rithim den chéad scoth le linn an taibhithe ar fad.	Léiríonn an scoláire rialú agus cruinneas tuinairde agus rithim maith den chuid is mó den taibhiú.	Léiríonn an scoláire rialú agus cruinneas tuinairde agus rithime áirithe don taibhiú.
píosaí ceoil/amhráin a chur in iúl do lucht éisteachta le léiriú ceoil, líofacht agus tuiscint léirmhínithe ar an stíl roghnaithe	Taibhiú thar a bheith ceolmhar a léiríonn ardleibhéal ceolmhaireachta agus líofachta le heolas láidir faoin gceol a thaibhítear. Léiríonn an scoláire an cumas chun ábhar léiritheach a dtaibhithe a léirmhíniú agus a chur in iúl go pointe iontach.	Taibhiú ceoil ina bhfuil roinnt neamhréireanna a imríonn tionchar ar thuiscint na ceolmhaireachta, líofachta agus tuisceana ar an gceol atá á thaibhiú. Déanann an scoláire iarracht mhaith chun cumarsáid léiritheach a dhéanamh, áfach, tá pointí ann nuair a bhíonn sí teoranta.	Taibhiú ina bhfuil formhór na n-éileamh ceoil ródheacair don scoláire, tá tuiscint theoranta acu ar an gceol. Déanann an scoláire iarracht áirithe chun ábhar léiritheach an cheoil a chur in iúl.
cinntí cruthaitheacha a rinneadh a chosaint	Léiríonn an scoláire eolas cuimsitheach agus tuisceanach faoina gcuid oibre úrnua féin. Is féidir leis an scoláire na cinntí cumadóireachta cruthaitheacha a rinne siad, úrnuacht agus úire a gcuid smaointe, na dúshláin theicniúla agus roghanna léirmhínithe a rinneadh a phlé agus a chosaint ar bhealach muiníneach.	Léiríonn an scoláire tuiscint leordhóthanach ar a gcuid oibre úrnua féin. Déanann an scoláire iarracht mhaith chun na cinntí cumadóireachta cruthaitheacha a rinne siad, úrnuacht agus úire a gcuid smaointe, na dúshláin theicniúla agus roghanna léirmhínithe a rinneadh a phlé.	Léiríonn an scoláire tuiscint áirithe ar a gcuid oibre úrnua, mar aon le cumas chun í a phlé. Léiríonn an scoláire cumas áirithe chun cinntí cumadóireachta, úrnuacht agus úire smaointe, dúshláin a chonacthas agus cinntí léirmhínithe a rinneadh a phlé.

Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ó thaobh tacaíocht a thabhairt do shaothar na scoláirí ar CMB an Taibhithe Ceoil, agus ó thaobh maoirseacht a dhéanamh air. Ba cheart teagasc agus foghlaim a bhaineann leis an CMB a chomhtháthú i gcleachtas leanúnach sa seomra ranga chun deiseanna a uasmhéadú do na scoláirí le torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus tacú le príomhinniúlachtaí a fhorbairt.

De bharr eisiúint treorach ó CSS i dtéarma a dó de bhliain a haon, tugtar deis do mhúinteoirí ceanglais agus inneachar na treorach a threorú ó chéim luath den fhoghlaim san ábhar. Éascófar do mhúinteoirí freisin agus iad ag pleanáil le CMB a chomhtháthú, de réir mar is cuí, i ngnáth-shreabhadh an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- ceanglais Threoir an Taibhithe Ceoil a shoiléiriú
- cuidiú leis na scoláirí tuiscint a fháil ar an nasc atá idir an treoir, a d'eisigh CSS don chuid de CMB an Taibhithe Ceoil a bhaineann leis an bpíosa ceoil/leis an amhrán úrnua, agus sonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta
- réimsí den tsonraíocht a shainaithint arbh fhéidir gur ghá do na scoláirí dul i ngleic leo chun tabhairt faoin CMB
- a chinntiú go bhfuil na scoláirí ar an eolas faoi na Tuairisceoirí Cáilíochta a bhaineann leis an CMB
- leideanna a chur ar fáil, amhail na cinn a sholáthraítear ar leathanach 20 in Aguisín A, chun pleanáil agus smaointeoireacht chriticiúil na scoláirí a spreagadh ar feadh an phróisis, agus chun tacú leis sin
- na scoláirí a spreagadh chun díriú ar cheanglais na treorach agus a gcuid oibre a cheangal leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht
- rochtain a éascú ar acmhainní iomchuí
- socruithe rochtana iomchuí a chur ar fáil do na scoláirí ag a bhfuil riachtanais bhreise foghlama, i gcomhréir le soláthar freastal réasúnta ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit
- na scoláirí a chur ar an eolas gur gá dóibh aon rialacháin nó ceanglais éigeantacha ábhartha a chomhlíonadh amhail na cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), rochtain a fháil ar réadmhaoin phoiblí nó phríobháideach, srl.
- aiseolas a úsáid go hiomchuí chun cur chuige athmhachnamhach a chur chun i leith na hoibre ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- treoracha a chur ar fáil ag eatraimh straitéiseacha chun comhlíonadh tráthúil na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis a éascú
- aird na scoláirí a tharraingt ar aon cheanglais maidir leis an CMB a shonraítear sa treoir

- deiseanna a thugann an CMB chun forbairt a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a chur chun cinn

Chun an próiseas fíordheimhnithe a éascú, ba cheart do na múinteoirí plé go rialta le saothar na scoláirí ar an ngné den CMB a bhaineann leis an bpíosa ceoil/leis an amhrán úrnua. Ba cheart do mhúinteoirí a bheith ar an eolas nach féidir ach saothar, ar cumadóireacht úrnua de chuid an scoláire é, a thaibhiú lena mheasúnú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus go ndéanfar measúnú ar gach scoláire ar bhonn aonair.

I gcás ina bhfuil níos mó ná scoláire amháin i rang ar leith ag obair ar CMB atá comhchosúil, is den tábhacht go nglacfaidh gach scoláire cur chuige pearsanta agus uathúil maidir lena saothar agus gur féidir leis an múinteoir é a fhíordheimhniú.

Ba cheart go mbeadh an t-aiseolas a chuirtear ar fáil do na scoláirí ginearálta agus neamhthreorach. Níor cheart do mhúinteoirí aon tacaíocht iomarcach ná mhíchuí a sholáthar do na scoláirí, amhail dréacht dá saothar a chur in eagar nó saothair eiseamláireacha a sholáthar lena n-úsáid i bhfianaise na scoláirí ar fhoghlaim.

Aguisín A: Leideanna molta chun tacú leis na scoláirí a smaointe ceoil úrnua a fhiosrú, a fhorbairt agus a chur in iúl:

Chun cúnamh a thabhairt do na scoláirí a smaointe ceoil a fhiosrú, a fhorbairt agus a chur in iúl, tá sraith leideanna thíos arbh fhéidir gur mhaith leo iad a úsáid. Tá na leideanna seo de chineál táscach amháin agus níl siad uileghabhálach.

Smaointe ceoil a fhiosrú:

- Conas a fhreagraíonn tú, ar dtús, do gach spreagthach?
- Cad atá ar eolas agam cheana faoin gcineál spreagthaigh seo?
- De réir mar a fhiosraíonn tú spreagthaigh dhifriúla, an bhfuil rudaí difriúla fúthu á dtabhairt faoi deara agat?
- Cé na fuaimeanna is féidir leat a shamhlú nuair a chuimhníonn tú ar gach spreagthach?
- Cén spreagthach is mó a sheasann amach duit agus cad é an rud is mó faoin spreagthach sin a leanann de d'aird a tharraingt?
- Cén teachtaireacht/cén giúmar/cén t-atmaisféar/cén smaoineamh/cén scéal atá tú ag féachaint lena cur nó lena chur in iúl trí do cheol, mar atá cuí don treoir?
- Cén stíl cheoil a d'fhéadfadh oiriúint do do smaointe ar an mbealach is fearr mar is cuí agus freagairt á tabhairt ar an treoir?

Smaointe ceoil a fhorbairt:

- Cé na smaointe is láidre agus is fiú a fhiosrú a thuilleadh, agus cén fáth sin?
- Cé na gnéithe de do cheol is mó a bhfuil tábhacht leo, agus conas a thuigfeadh éisteoir sin ón gceol?
- Cén dóigh a bhfreagraíonn do phíosa/d'amhrán úrnua do do spreagthach roghnaithe?
- An raibh aon smaointe ceoil ann a chinn tú a athrú nó scaoileadh leo agus do phíosa/d'amhrán á chruthú? Cén fáth?
- Cén t-athrú a tháinig ar do thuiscint ar an spreagthach de réir mar a d'fhorbair tú do phíosa/d'amhrán?

Smaointe ceoil a chur in iúl

- Cén t-ullmhúchán a rinne tú chun do phíosa/d'amhrán úrnua a thaibhiú?
- Cé na gnéithe den taibhiú is mó atá tábhachtach duit agus do cheol á chur in iúl agat?
- Cén difríocht atá ann idir píosa ceoil/amhrán úrnua a thaibhiú agus píosa ceoil/amhrán atá ann cheana a thaibhiú?
- Cé na straitéisí a d'fhéadfaí a úsáid chun deacrachtaí taibhithe a shárú?
- Cé na gnéithe de do phíosa/d'amhrán úrnua is mó a bhfuil tú bródúil astu? Cén fáth?
- Cén tionchar a bhí ar cheol a thaibhiú, ceol a chruthaigh tú féin, ar do thuiscint ar ról an cheoltóra?

Treoirlínte chun tacú le CMB an Taibhithe Ceoil



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment